C/2026/3491

1.7.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12437 — EGC / TEN BRINKE / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(C/2026/3491)

1. An 22 Meitheamh 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— EGC Energie und Gebäudetechnik Control GmbH & Co. KG ('EGC', an Ghearmáin), faoi rialú KKR Group Partnership L.P. ('KKR', na Stáit Aontaithe),

— Ten Brinke CCS B. V. ('Ten Brinke', an Ísiltír), faoi rialú Ten Brinke Groep B.V. ('Ten Brinke Group', an Ísiltír).

Gheobhaidh EGC agus Ten Brinke comhrialú ar chuideachta chomhfhiontair, de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá EGC gníomhach i gconraitheoireacht fuinnimh sa Ghearmáin. Is cuideachta infheistíochta idirnáisiúnta é KKR atá liostaithe ar an stocmhalartán.

— Tá Ten Brinke gníomhach i bhforbairt agus i dtógáil réadmhaoine cónaithe, miondíola agus tráchtála san Eoraip. Is grúpa gnóthas é Ten Brinke Group atá ag feidhmiú sa Ghearmáin agus san Ísiltír i bhforbairt, i dtógáil agus i ndíol réadmhaoine cónaithe, miondíola agus tráchtála.

3. Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ag an gcomhfhiontar: conraitheoireacht fuinnimh.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12437 — EGC / TEN BRINKE / JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË